

Turas Foghlama an Scoláire

1^ú Blain

Forbraíonn scoláirí eolas, tuiscint, luachanna agus scileanna trí dhul i ngleic le torthaí foghlama

Cabhraíonn measúnú foirmitheach leis an bhfoghlaim seo

2^ú Blain

Forbraíonn scoláirí eolas, tuiscint, luachanna agus scileanna trí dhul i ngleic le torthaí foghlama

Cabhraíonn measúnú foirmitheach leis an bhfoghlaim seo

Measúnú Rangbhunaithe 1:
Cumarsáid trí sceitseáil

Bíonn múinteoirí páirteach i gCruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

3^ú Blain

Forbraíonn scoláirí eolas, tuiscint, luachanna agus scileanna trí dhul i ngleic le torthaí foghlama

Bíonn múinteoirí páirteach i gCruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Measúnú Rangbhunaithe 2:
Scileanna cur i láthair grafacha

Scrúdú CSS
Tionscadal 30%
An Scrúdú Deiridh 70%

Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)


Ca bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

www.curriculumonline.ie

Is é seo suíomh na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) áit ar féidir teacht ar phríomhdhoiciméid amháil Sonraíocht Grafic na Sraithe Sóisearaí agus Treoirínthe Measúnaithe don Grafic

www.jct.ie

Is é seo an suíomh do sheirbhís tacaíochta scoileanna an SSM. Bunaíodh an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí chun múinteoirí a spreagadh, tacaíocht a chur ar fáil dóibh agus iad a chumasú chun oideachais na sraithe sóisearaí in Éirinn a athrú ó bhonn. Chun tuilleadh eolais a fháil ar Ghrafaic, tabhair cuairt le do thoil ar an suíomh ábhair s'againn



Úsáid an **Cód MF/QR** chun dul díreach chuig www.jct.ie



Scannadh dom

Lean sinn ar Twitter [@JCt4ed](https://twitter.com/JCt4ed)

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers



Grafaic

na
Sraithe Sóisearaí
Sonraíocht

Lean sinn ar Twitter [@JCt4ed](https://twitter.com/JCt4ed)


www.jct.ie



Grafaic na Sraithe Sóisearaí Sonraíocht

I nGrafaic na Sraithe Sóisearaí, forbraíonn scoláirí a gcruthaitheacht, a gcumas spásúlachta agus a n-ábaltacht chun réasúnú agus smaointe a chur in iúl trí dhul i ngleic le gníomhaíochtaí teibí fadhbréitigh agus céimseata feidhmeach

Struchtúr na Sonraíochta



Beidh blaiseadh acu ar an bhfoghlaim thar thrí shnáithe – **Grafaic 2T**, **Grafaic 3T** agus **Grafaic Fheidhmeach**. Síos trí gach ceann de na snáitheanna, úsáidtear ceithre ghné: **Réasúnaíocht spásúil**, **Smaointeoireacht Dearaidh**, **Cumarsáid** agus **Prionsabail agus tógáil Gheoiméadrach** agus cruthaítear creat i gcomhair foghlaim scoláirí a chinntíonn eispéireas foghlama leanúnach..

Torthaí Foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a dhéanann cur síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar Ghrafaic sa tSraith Shóisearach. Tá tríocha seacht toradh foghlama sa Ghrafaic mar a leagtar amach i struchtúr na sonraíochta.

Leagann an tsonraíocht amach gur le haghaidh trí bliana atá na torthaí foghlama

Eispéiris Foghlama

Forbróidh an scoláire a chruithaitheacht agus é ag fiosrú agus ag réiteach dúshlán dearaidh. I rith an phróisis réitigh fadhbanna, oibreoidh sé lena chomhscoláirí chun a smaointe a bheachtú ó choincheap teibí go dearadh deiridh, mionsonraithe, dréachtaithe. Tá teibíú agus réasúnú spásúil rithábachtach don phróiseas seo; cuireann grafaic go leor deiseanna ilghnéitheacha ar fáil don scoláire chun na scileanna ardleibhéil cognaíocha agus cruthaitheacha sin a fhorbairt i gcomhthéacsanna spéisíúla.



Measúnú leanúnach

Sa mheasúnú i nGrafaic na sraithe sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith in rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheith ag múinteoirí tacú leis sin. Is féidir an méid sin a bhaint amach ach deiseanna a sholáthar don scoláire chun dul i ngleic leis na critéir ratha faoina ndéanfar caighdeán a chuid oibre a mheas trí phiarmheasúnú, trí fhéinmheasúnú agus trí mheasúnú múinteora; agus aiseolas dírithe ar ardchaighdeán a chur ar fáil mar thacaíocht dá fhoghlaim.

Measúnú Rangbhunaithe 1:

Cumarsáid trí scitseáil

- Curtha i gcrích laistigh de thréimhse trí seachtaine sa dara bliain
- Forbróidh an scoláire a scileanna i modhanna agus meáin éifeachtacha scitseála a úsáid chun a fhís, a dhearadh agus a réiteach a chur in iúl go cruinn.
- Is féidir leis an scoláire a chuid oibre a chur in iúl trí mheáin chuí ar bith.
- Déantar é a thairgeadh ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Measúnú Rangbhunaithe 2:

Scileanna cur i láthair grafacha

- Curtha i gcrích laistigh de thréimhse trí seachtaine sa tríú bliain.
- Díreoidh scoláirí ar an gcaoi chun a gcuid taighde a chur i láthair go héifeachtach. Cuirfidh sé sin bonn eolais faoi ghné an tionscadail mheasúnaithe. Déanfaidh an scoláire taighde agus iniúchadh ar an réimse ina bhfuil an tionscadal agus cuirfidh sé a chuid torthaí i láthair go grafach trí aon mheáin ghrafacha chuí.
- Is deis é an Measúnú Rangbhunaithe seo chun meon fiosrach a cothú sa scoláire, ach ligean dó turgnaimh a dhéanamh, é a spreagadh le deiseanna nua agus dúshlánacha a fhiosrú agus machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas.
- Déantar é a thairgeadh ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

I ndiaidh gach Measúnaithe Rangbhunaithe (MRB) a chur i gcrích, bíonn múinteoirí rannpháirteach i gcuinníú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) chun foghlaim scoláirí a phlé agus chun cleachtas éifeachtach a roinnt. Déanann múinteoirí measúnú ar an dá MRB agus leas a bhaint acu as Gnéithe Cáilíochtaí mar atá leagtha amach sna Treoirínte Measúnaithe atá curtha ar fáil ag gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Tionscadal agus scrúdú

Nuair a bheidh na Measúnuithe Rangbhunaithe curtha i gcrích, tabharfaidh na scoláirí faoi thionscadal. Críochnaítear an tionscadal i ndiaidh an dara MRB sa tríú bliain. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a shocraíonn an treoir dhearaidh le haghaidh an tionscadail agus a mharcálann é. Is fiú 30% de ghrád deiridh an CSS an tionscadal agus is ar an scrúdú deiridh a bhronnfar an 70% eile.

ETIM (STEM)

Is mór a chuireann Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM) leis na hathruithe sa teicneolaíocht agus sa tsochaí i ndomhan seo ár linne. Cothaíonn agus spreagann Grafaic na Sraithe Sóisearaí cuir chuige ETIM (STEM) i leith na foghlama, scileanna agus meonta.

